An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige (2024) agus Síolta, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige (2017)

## Iniúchadh Nuashonraithe: Cosúlachtaí agus difríochtaí

Lúnasa 2025

# Clár Ábhar


**RÉAMHRÁ** .......... 1

**AN COMHTHÉACS BEARTAIS** .......... 3

**Creataí Cáilíochta agus Curaclaim Náisiúnta** .......... 3

**Athbhreithnithe agus nuashonruithe ar na Creataí** .......... 3

**Na Creataí a Chrostagairt** .......... 5

**LEIBHÉAL A HAON: FÍS, CUSPÓIR AGUS LUCHT SPÉISE** .......... 6

**LEIBHÉAL A DÓ: STRUCHTÚR NA GCREAT** .......... 7

**LEIBHÉAL A TRÍ: PRIONSABAIL FOTHACA** .......... 11

**LEIBHÉAL A CEATHAIR: CAIGHDEÁIN, TÉAMAÍ AGUS TREOIR NA GCREATAÍ** .......... 17

**TREOIR CHLEACHTAIS *AISTEAR SÍOLTA*** .......... 20

**CONCLÚID** .......... 22

**TAGAIRTÍ** .......... 23

# Réamhrá

Déantar iniúchadh nuashonraithe sa cháipéis seo ar *Síolta, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige* (2017) agus *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* (2024). Leis an iniúchadh, cuirtear leis an iniúchadh bunaidh (2009) a rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus an Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (LOFLÓ) thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

In 2006, d'fhorbair an Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (LOFLÓ) *Síolta*. I mí na Samhna 2008, dúnadh LFOLÓ agus aistríodh an fhreagracht as *Síolta* chuig an Aonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta (ABOL) de chuid na Roinne Oideachais (RO). In 2017, d'athbhreithnigh an Roinn Oideachais (RO) Síolta mar chuid den Tionscnamh Náisiúnta *Síolta Aistear* (TNSA)[1]. D'fhorbair CNCM *Aistear* in 2009 agus nuashonraigh CNCM é in 2024.

D'fhorbair CNCM Treoir Chleachtais *Aistear Síolta* tar éis iarratas a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun tacú le hoideoirí luathbhlianta agus úsáid á baint as *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* (2009) agus *Síolta: an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige* (2006) i dteannta a chéile chun feabhas a chur ar cháilíocht an chleachtais. Tá an Treoir Chleachtais fréamhaithe i gcoincheap an chleachtais mhachnamhaigh agus ceapadh í chun tacú le hoideoirí luathbhlianta le hathbhreithniú a dhéanamh go criticiúil ar a gcleachtas, láidreachtaí agus réimsí forbartha a shainaithint, agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh feabhsú. Rinneadh eolas d'fhorbairt na Treorach, rud a tharla in 2014, le príomhfhoghlaim earnála lena n-áirítear an tionscnamh *Aistear i nGníomh* a cuireadh i gcrích in 2013, an tuarascáil chríochnaitheach ar an g*Clár um Dhearbhú Cáilíochta Síolta*, agus torthaí ó chomhchigireachtaí a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Cigireacht na Réamhscolaíochta (faoi Tusla anois), lenar tarraingíodh aird ar neamhréireachtaí i bpleanáil an churaclaim agus as an úsáid theoranta a baineadh as *Aistear* sa chleachtas. Leis an Treoir Chleachtais, freagraíodh freisin d'fhorbairtí beartais náisiúnta, lena n-áirítear *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011–2020* (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011), *Tionscnamh Rochtana Náisiúnta na Luathbhlianta* agus an *Clár um Chosc agus Idirghabháil Luath*, agus *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014–2020* (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2014). I gcomhthráth, ach Tús Níos Fearr: An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Cáilíochta Luathbhlianta a bhunú in 2014, cruthaíodh sainbhonneagar meantóireachta chun cáilíocht a fheabhsú, agus bhí an Treoir Chleachtais mar phríomhphointe tagartha don obair seo.

In 2016, bunaíodh TNSA chun tacú leis an rolladh amach comhordaithe ar *Síolta* agus *Aistear*, na creataí cáilíochta agus curaclaim náisiúnta do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Soláthraítear an tionscnamh trí chur chuige idirghníomhaireachta lena gcuimsítear an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC), an Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ), Tús Níos Fearr: Forbairt Náisiúnta Cáilíochta Luathbhlianta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí agus Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí (ENDCLanna). Ós rud é go bhfuil TNSA freagrach as an dá Chreat a chur i bhfeidhm sa chleachtas, bhí an Treoir Chleachtais ina príomhghné den tionscnamh seo.

[1] Athbhreithniú mionscála a bhí i gceist leis ina ndearnadh tagairt do *Aistear* agus inar cónascadh ceithre lámhleabhar *Síolta* (cúram iomlán lae, cúram lae páirtaimseartha, cúram séasúrach agus suíomhanna feighlíochta leanaí) in aon cheann amháin.

Tá sé de chuspóir ag an iniúchadh nuashonraithe seo na hathbhreithnithe ar *Síolta* (2017) agus na nuashonruithe ar *Aistear* (2024) a léiriú agus a n-impleachtaí do Threoir Chleachtais *Aistear Síolta* a mheas. Leis an iniúchadh, tacófar le hearnáil na luath-óige le bheith ag plé le *Síolta* agus *Aistear* chun foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- naisc a shainaithint idir na Prionsabail atá mar bhonn faoi gach Creat
- na béimeanna difriúla in *Síolta* agus *Aistear* a leagan amach
- a léiriú conas is féidir eispéiris foghlama luathbhlianta naíonán, lapadán agus leanaí óga a shaibhriú trí úsáid a bhaint as an dá Chreat i dteannta a chéile
- nuashonruithe ar Threoir Chleachtais *Aistear Síolta* a shainaithint chun na hathbhreithnithe agus na nuashonruithe ar an dá Chreat a léiriú.

# An Comhthéacs Beartais

Ó foilsíodh an t-iniúchadh bunaidh in 2009, rinneadh athruithe móra ar an soláthar luath-óige in Éirinn. Múnlaíodh na hathruithe sin le forbairtí, beartais agus straitéisí náisiúnta éagsúla. Spreag RLMC agus ROÓ príomhfhorbairtí. Ar na hathruithe suntasacha, áirítear an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), Bunmhaoiniú, Tús Níos Fearr: an tSeirbhís Náisiúnta Forbartha Cáilíochta Luathbhlianta agus an tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe (SRI), an tsamhail maoinithe Tús Cothrom agus tosú Cigireachtaí Oideachais Luathbhlianta de chuid chigirí na Roinne Oideachais. Ar na forbairtí beartais suntasacha áirítear:

- An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028;
- Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile 2022-2028;
- Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta;
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí (2021 – 2028);
- Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II 2024-2028; agus,
- Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II 2024-2028.

Is straitéis uile-rialtais í An Chéad 5 atá dírithe ar shaolta naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach a fheabhsú, ag díriú ar chúram agus oideachas luath-óige (RÉ, 2018a). "Plean ar feadh deich mbliana atá ann chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil luatheispéiris dhearfacha ag gach naíonán, lapadán agus leanbh óg, agus go bhfaigheann siad tús iontas sa saol." (RÉ, 2018b, lch 2).

Gealltanas tábhachtach atá in An Chéad 5 agus i Scileanna a Chothú í forbairt leanúnach an Tionscnaimh Náisiúnta *Síolta Aistear* atá tiomanta do phlean náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun *Síolta* agus *Aistear* a chur i bhfeidhm ar bhealach céimnithe, tacaithe agus comhuaineach, i ngach suíomh luathbhlianta do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga (RÉ, 2018a; 2021).

## Creataí Cáilíochta agus Curaclaim Náisiúnta

Is é *Síolta* an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige agus tá baint aige le gach gné de sholáthar ardchaighdeáin i suíomhanna do leanaí ón mbreith go sé bliana d'aois. Is é *Aistear* Creatchuraclam na Luath-Óige do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg ón mbreith go sé bliana d'aois agus i ngach suíomh seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Leis an Treoir Chleachtais, tarraingítear inneachar an dá Chreat le chéile, gan ceachtar de na Creataí féin a ionadú ná a easáitiú.

## Athbhreithnithe agus nuashonruithe ar na Creataí

Foilsíodh *Síolta* ar dtús in 2006. Bhí sé d'aidhm ag an gCreat cáilíocht a shainmhíniú, a mheasúnú agus tacú léi i ngach gné de shuíomhanna oideachais luath-óige in Éirinn. Is éard a bhí san fhoilseachán bunaidh ceithre lámhleabhar lena ndearnadh gach Caighdeán agus Comhpháirt cáilíochta faoin gCreat a chumhdach go cuimsitheach. Leis na lámhleabhair, soláthraíodh treoir agus tacaíocht maidir le conas na 16 Chaighdeán a chur i bhfeidhm i suíomhanna difriúla, ag díriú ar ghnéithe cáilíochta lena n-áirítear: tuismitheoirí agus teaghlaigh, an curaclam,

idirghníomhaíochtaí, pleanáil agus meastóireacht, timpeallachtaí, súgradh, cearta an linbh agus rannpháirteachas an phobail.

In 2017, rinneadh athbhreithniú ar *Síolta* chun an Creat a dhéanamh níos praiticiúla d'oideoirí luathbhlianta. Leis an leagan athbhreithnithe, caomhnaíodh Prionsabail, Caighdeáin agus Comhpháirteanna an Chreata bunaidh ach féachadh le dúbláil a laghdú agus inúsáidteacht a fheabhsú trí chur chuige níos comhtháite a thairiscint. Cé gur baineadh úsáid as teanga atá saincheaptha do chineálacha sonracha suíomhanna i ngach leagan den lámhleabhar, lean an t-ábhar lárnach – lena gcuimsítear na Prionsabail, na Caighdeáin agus na Comhpháirteanna – de bheith comhsheasmhach ar fud na lámhleabhar uile agus bhí sé ábhartha maidir le gach cineál suímh. Bunaithe ar aiseolas ó oideoirí agus páirtithe leasmhara eile, comhaontaíodh go gcomhtháthófaí na ceithre lámhleabhar uile i lámhleabhar amháin. Aistríodh an lámhleabhar athbhreithnithe go Gaeilge freisin agus tá leagan Béarla agus Gaeilge fós le fáil ag siolta.ie. Nuair a comhtháthaíodh iad, beartaíodh go ndéanfaí athbhreithniú níos leithne ar *Síolta* agus ar an gClár um Dhearbhú Cáilíochta ina dhiaidh sin. Tugtar gealltanas laistigh de An Chéad 5 *Síolta* a athbhreithniú agus Creat cáilíochta aonair a fhorbairt chun *Síolta* agus an dá chreat cigireachta atá ann cheana a ionadú agus lena úsáid mar an comhchreat tagartha do na gníomhaíochtaí cigireachta uile agus d'fhéinmheastóireacht ionas gur féidir le suíomhanna luathbhlianta measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin feadh speictream na cáilíochta, ón gcomhlíonadh go sármhaitheas (RÉ, 2023).

Tar éis seacht mbliana a chaitheamh i mbun comhairliúcháin agus forbartha, d'fhoilsigh CNCM *Aistear* ar dtús in 2009. Ba é sin an chéad chreatchuraclam le haghaidh oideachas luath-óige in Éirinn. Tríd sin, soláthraíodh faisnéis chun tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Toisc go gcuirtear tús sa luath-óige le turais foghlama ar feadh an tsaoil do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, tugtar *Aistear* ar an gCreat, focal eile ar thuras. Thug CNCM *Aistear* cothrom le dáta in 2024. Cuireadh an nuashonrú i gcrích trí phróiseas taighde, comhairliúcháin, líonraithe agus plé. Tugadh faoin nuashonrú chun athruithe sochaíocha agus beartais a tharla ó foilsíodh an Creat bunaidh in 2009 a aithint agus a léiriú. Léirítear sa nuashonrú freisin taighde oideachais agus foghlaim nua maidir leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus leis an gcaoi ar féidir le hoideoirí é sin a shaibhriú agus a spreagadh go cuí. Thug CNCM faoin nuashonrú sin lena chinntiú go leanann *Aistear* de bheith ag tacú le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga agus de bheith á saibhriú in Éirinn anois agus amach anseo.

Áirítear ar na príomh-nuashonruithe:

- béim athnuaite ar chearta naíonán, lapadán agus leanaí óga, agus meas a bheith orthu mar fhoghlaimeoirí gníomhaíocha, inniúla, muiníneacha. Ciallaíonn gníomhaíoch go bhfuil guth agus tionchar acu ar a gcuid foghlama féin
- tuiscint ar inbhuanaitheacht i ndáil le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a chothú chun aire a thabhairt dóibh féin, do dhaoine eile agus don timpeallacht
- ceiliúradh ar éagsúlacht shochaí chomhaimseartha na hÉireann agus tacaíocht d'ionchuimsiú bríoch agus rannpháirtíocht gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig
- béim athnuaite ar chaidrimh a bheith i gcroílár na foghlama agus na forbartha, tá luach ar chairdis, agus cothaítear idirghníomhaíochtaí idir naíonáin, lapadáin, leanaí óga, oideoirí, teaghlaigh, pobail agus timpeallachtaí foghlama

- cultúr agus stair na hÉireann a leabú in *Aistear* trí fhocail agus frásaí Gaeilge a úsáid le cuidiú le naíonáin, lapadáin, leanaí óga, a dteaghlaigh agus oideoirí a nascadh le teanga agus oidhreacht na hÉireann.

Ba cheist thábhachtach é an caidreamh idir *Síolta* agus *Aistear*, an dá Chreat náisiúnta do sholáthar luath-óige sa phróiseas nuashonraithe agus tá fócas ann fós ar ailíniú agus sineirge leanúnach idir an dá Chreat.

## Na Creataí a Chrostagairt

San iniúchadh seo, féachtar ar an dá Chreat ag ceithre leibhéal dhifriúla.

1. I Leibhéal a hAon den chleachtadh crostagartha, fiosraítear Fís agus Cuspóir ginearálta gach Creata, aoiseanna na leanaí lena mbaineann, an suíomh lena mbaineann an Creat agus an lucht spéise a bhfuil gach Creat ábhartha maidir leis
2. I Leibhéal a Dó, féachtar ar struchtúr an dá Chreat
3. I Leibhéal a Trí, fiosraítear Prionsabail bhunúsacha gach Creata
4. I Leibhéal a Ceathair, breathnaítear ar bhealach níos mine ar inneachar na gCreataí agus ar conas is féidir iad a úsáid le chéile chun eispéiris foghlama naíonán, lapadán agus leanaí óga a fheabhsú.

## Leibhéal a hAon: Fís, cuspóir agus lucht spéise

Dála an iniúchta bunaidh, leis an athbhreithniú tosaigh ar an bhFís, ar an gCuspóir agus ar an lucht spéise, léiríodh sineirge idir an dá Chreat (féach Tábla 1). Tá cuspóir soiléir agus sonrach ag an dá Chreat. Dírítear le *Síolta* ar gach gné de cháilíocht laistigh de shuíomhanna luath-óige lena n-áirítear foghlaim agus forbairt. In *Aistear*, dírítear ar Chreat a sholáthar d'oideoirí chun go bhforbrófar curaclam éiritheach atá bunaithe ar chearta agus ar fhiosrú chun tacú le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga ina gcúram. Agus na cuspóirí sin á gcomhlíonadh, tá ról ag gach Creat chun soláthar cáilíochta a chur chun cinn agus a fheabhsú ar leibhéal náisiúnta. Ar an dóigh sin, tá na Creataí ina gcomhlánú ar chéile agus ina dtaca le chéile.

Maidir leis an raon aoise, dírítear leis an dá Chreat ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ón mbreith go sé bliana d'aois, i ngach suíomh luath-óige seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Déantar idirdhealú freisin leis an dá Chreat idir na haoisghrúpaí laistigh den raon aoise forluiteach sin chun éagsúlacht luais foghlama naíonán, lapadán agus leanaí óga a léiriú:

- naíonáin – breith go 18 mí;
- lapadáin – 12 go 36 mí;
- leanaí óga – 2½ go 6 bliana.

Tá an dá Chreat beartaithe lena n-úsáid ag oideoirí atá freagrach as cúram agus oideachas a thabhairt do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga laistigh de na raonta aoise sin. Déantar tagairt in *Aistear* dóibh siúd a úsáideann an Creat, tuismitheoirí, feighlithe leanaí agus oideoirí luathbhlianta ina measc, mar 'oideoirí'. Tugann na hoideoirí uile aghaidh ar *Aistear* agus bonn eolais fúthu mar gheall ar a gcaidreamh leis an naíonán, leis an lapadán agus leis an leanbh óg, leis an teaghlach, a gcuid eolais agus taithí, agus mar gheall ar an gcur amach atá acu ar ghnéithe na dtimpeallachtaí foghlama difriúla.

**Tábla 1:** Comparáid idir *Síolta* agus *Aistear*: Fís, cuspóir agus lucht spéise

| An creat | Fís | Cuspóir | Aois | Suíomhanna | Lucht spéise |
|---|---|---|---|---|---|
| *Síolta* | In *Síolta* dírítear ar cháilíocht timpeallachtaí, caidreamh agus cleachtas. | Is é is cuspóir do *Síolta* feabhas a chur ar cháilíocht iomlán suíomhanna agus eispéireas do naíonáin, lapadáin, leanaí óga agus a gcuid teaghlach. | Breith – 6 bliana | Gach suíomh luath-óige | Oideoirí a dhéanann cúram de naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus a thugann oideachas dóibh. |
| *Aistear* | Dírítear in *Aistear* ar fhoghlaim agus forbairt agus leagtar béim ar chearta, cumas gníomhúcháin agus eispéiris luathfhoghlama naíonán, lapadán agus leanaí óga trí chur chuige | Is é is cuspóir le *Aistear* tacú le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. | Breith – 6 bliana | Gach suíomh luath-óige seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta | Oideoirí a dhéanann cúram de naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus a thugann oideachas dóibh. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | éiritheach agus atá bunaithe ar fhiosrú, agus súgradh agus caidrimh mar bhonn faoi sin. | | | | Gairmithe eile a oibríonn le naíonáin, lapadáin, leanaí óga agus a gcuid teaghlach. |

## Leibhéal a Dó: Struchtúr na gCreat

Cé go bhfuil an dá Chreat comhlántach, tá siad difriúil le chéile ina bpríomhfhócas. Creat cáilíochta is ea *Síolta* atá dírithe ar a chinntiú go gcomhlíonfar Caighdeáin cháilíochta i suíomhanna luath-óige. Leagtar béim ina Phrionsabail ar na fachtóirí struchtúrtha, timpeallachta agus próiseasbhunaithe atá mar bhonn faoi eispéiris cháilíochta, amhail caidrimh, obair foirne agus ról an duine fhásta chun timpeallachtaí comhsheasmhacha, sábháilte agus freagrúla a sholáthar. Creatchuraclam is ea *Aistear* atá dírithe ar eispéiris foghlama naíonán, lapadán agus leanaí óga, lena leagtar béim ar an tábhacht atá le cearta, cumas gníomhúcháin, foghlaim agus forbairt iomlánaíoch agus rannpháirtíocht ghníomhach. In *Aistear*, breathnaítear ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga mar fhoghlaimeoirí gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha ar saoránaigh dhomhanda iad agus tarraingítear aird ann ar an tábhacht atá le súgradh agus foghlaim ar bhonn fiosrú a bhfuil caidrimh chothaithe mar bhonn taca fúthu.
Feidhmíonn an dá Chreat as lámha a chéile. Le *Síolta*, cinntítear cáilíocht agus comhsheasmhacht na timpeallachta agus cleachtas laistigh de shuíomhanna, agus in *Aistear* soláthraítear an treoir oideolaíochta do luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Feidhmíonn an dá Chreat as lámha a chéile ach cur chuige iomlánaíoch a sholáthar maidir le tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga agus cleachtais cháilíochta a chinntiú.

Sa chéad tábla eile, breithneoimid inneachar an dá Chreat.

**Tábla 2:** Struchtúr an dá Chreat

## *Síolta, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* (2017)

### Creatchuraclam

**Réamhrá**

**Prionsabail *Síolta***

- Fiúntas na luath-óige
- Páistí ar dtús
- Tuismitheoirí
- Caidrimh
- Comhionannas
- Ilíocht
- Timpeallachtaí
- Leas
- Ról an duine fásta
- Obair foirne
- Oideolaíocht
- Súgradh

**Caighdeáin Cháilíochta**

- **Caighdeán 1:** Cearta an Pháiste
- **Caighdeán 2:** Timpeallachtaí
- **Caighdeán 3:** Tuismitheoirí agus Teaghlaigh
- **Caighdeán 4:** Comhairliúchán
- **Caighdeán 5:** Idirghníomhartha
- **Caighdeán 6:** Súgradh
- **Caighdeán 7:** Curaclam
- **Caighdeán 8:** Pleanáil agus Meastóireacht
- **Caighdeán 9:** Sláinte agus Leas
- **Caighdeán 10:** Eagrú
- **Caighdeán 11:** Cleachtas Gairmiúil
- **Caighdeán 12:** Cumarsáid
- **Caighdeán 13:** Aistrithe
- **Caighdeán 14:** Féiniúlacht agus Muintearas
- **Caighdeán 15:** Reachtaíocht agus Rialú
- **Caighdeán 16:** Rannpháirteachas an Phobail

- Comhpháirt
- Deis Mhachnaimh
- Smaoinigh ar

## *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (2024)

### Creatchuraclam

**An Fhís**

**Cuspóir**

**Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha**

- Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda
- Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú
- Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí
- Teaghlach agus Pobal
- Oideoirí Gníomhaíocha
- Aistrithe
- Forbairt agus Foghlaim Iomlánaíoch
- Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla
- Timpeallachtaí Foghlama

**Téamaí**

- **Folláine**
- **Féiniúlacht agus Muintearas**
- **Cumarsáid**
- **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht**

**Gluais**

### Treoir don Dea-Chleachtas

**Réamhrá**

**Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Chur Chuige Bunaithe ar Chearta**

- Cearta agus cumas gníomhúcháin
- Saoránacht dhomhanda sa luath-óige
- Ag tacú le hinbhuanaitheacht mar shaoránaigh dhomhanda

**Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Chaidrimh agus Idirghníomhaíochtaí**

- Oideolaíocht mhall chaidreamhach
- Cur chuige an phríomhtheagmhálaí
- Cairdis
- An t-oideoir gníomhaíoch

**Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Chomhpháirtíochtaí agus Naisc**

- Comhpháirtíochtaí le teaghlaigh
- Naisc phobail

**Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí mheán an tSúgartha**

- Ag tabhairt tús áite don súgradh
- An timpeallacht foghlama ionchuimsitheach

**Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Thimthriall Machnamhach na Pleanála agus an Mheasúnaithe**


- Timthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe
- Measúnú fiúntach agus doiciméadú
- Aistrithe

## Struchtúr *Síolta*

Ceapadh *Síolta* chun cúnamh a thabhairt dóibh sin uile a bhaineann le soláthar luathoideachais cáilíochta in Éirinn le bheith rannpháirteach i dturas forbartha i dtreo cháilíocht a gcleachtais a fheabhsú.

Ailíníonn na Prionsabail cháilíochta in *Síolta* go dlúth leis na Prionsabail in *Aistear* a bhaineann le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt agus tá siad ina léiriú ar an bhfís atá mar bhonn faoin gcomhthéacs le haghaidh cleachtas cáilíochta in Éirinn agus lena soláthraítear sin. Is Prionsabail idirspleácha agus aonair iad agus níl sé beartaithe go seasfaidís astu féin.

Sainítear cleachtas cáilíochta laistigh den Chreat le Caighdeáin agus Comhpháirteanna na Cáilíochta. Tá dlúthbhaint idir na Caighdeáin agus na Comhpháirteanna. Tá roinnt Comhpháirteanna gaolmhara i ngach Caighdeán lena mbristear na Caighdeáin síos ina míreanna atá níos sothuigthe. I ngach Comhpháirt, tá roinnt Deiseanna Machnaimh atá comhdhéanta de cheisteanna agus pointí le hurchair ina ndiaidh ar a dtugtar 'Smaoinigh ar'. Is féidir cur síos a dhéanamh orthu mar phointí plé nó moltaí a bhfuil ábhar machnaimh iontu. Cuirtear fócas plé ar fáil leo faoi fheabhsú cáilíochta in obair aonair, in obair an tsuímh nó i roinnt cásanna eile. Tá siad oscailte, níl aon fhreagraí cearta ná míchearta ann agus, an rud is tábhachtaí, ní ticbhoscaí atá i gceist.




**Fíor 1:** Struchtúr *Síolta, An Creat Cáilíochta Náisiúnta d'Oideachas na Luath-Óige*

## Struchtúr *Aistear*


Tá *Aistear* bunaithe ar naoi bPrionsabal na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha. Is iad sin bunchlocha an Chreata agus is iadsan a chuireann beocht i bhfís an churaclaim. Tá siad leabaithe freisin i dTéamaí, in Aidhmeanna agus i Spriocanna Foghlama an Chreata, agus sa *Treoir don Dea-Chleachtas*.

Tá gach Prionsabal leagtha amach ina pharagraf gairid féin. Ansin tugtar léirmhíniú ar an bPrionsabal ó dhearcadh naíonán, lapadán agus leanaí óga. Tarraingítear aird leis an léirmhíniú sin ar ról an oideora i dtaca le guth agus tionchar a éascú sa luathfhoghlaim agus sa luathfhorbairt, mar aon le moladh a thabhairt do na Prionsabail agus iad a chur i bhfeidhm.

In *Aistear*, úsáidtear ceithre Théama idirnasctha, agus an Fhís agus na Prionsabail mar bhonn fúthu, chun foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga a chur i láthair. Seo a leanas na Téamaí:

- Folláine
- Féiniúlacht agus Muintearas
- Cumarsáid
- Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.

Tá cur síos i ngach Téama ar a bhfoghlaimíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Tar éis gach cur síos ar an Téama, tá ceithre Aidhm ina leagtar amach uaillmhianta leathana maidir le foghlaim agus forbairt. Tá trí Sprioc Foghlama mar bhonn agus mar thaca faoi gach Aidhm. Is ráitis leathana ach inbhraite iad sin lena gcuirtear brí sna meonta, dearcthaí agus luachanna tábhachtacha mar aon le scileanna, eolas agus tuiscint. Tá na Téamaí ann chun an phleanáil a threorú le haghaidh foghlaim naíonán, lapadán agus leanaí óga agus chun tacú leis an doiciméadú agus an measúnú a dhéantar ar a ndul chun cinn agus a ngnóthachtálacha.




**Fíor 2:** Struchtúr *Aistear*

## Leibhéal a Trí: Prionsabail fothaca

Baineann an chéad chuid eile den iniúchadh le breathnú ar na Prionsabail atá mar bhonn faoin dá Chreat.

Ar fud an dá Chreat, athraíonn an fhoclaíocht i bPrionsabail áirithe de bheagán nó ní bhaineann siad ach le Creat amháin. I bPrionsabail áirithe, athraíonn an fhoclaíocht cé go bhfuil na tuairimí taobh thiar díobh cosúil le chéile. Mar shampla, ar cheann de Phrionsabail *Aistear* áirítear saoránaigh ghníomhaíocha dhomhanda. Deirtear ann:

*Is saoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha, inniúla agus mhuiníneacha iad naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Is ionann a bheith gníomhaíoch agus guth agus tionchar a bheith acu agus gur féidir leo roghanna a dhéanamh faoina bhfoghlaim agus le linn a gcuid foghlama. Tá sé de cheart ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga go dtugtar aire dóibh, go gcothaítear iad agus go dtacaítear leo chun fás agus forbairt a dhéanamh. Is féidir leo taithí a fháil ar an daonlathas ach oideoirí a thacaíonn le*

*rannpháirtíocht ghníomhach a bheith ag éisteacht lena nguth agus meas a bheith acu air. Cuid lárnach de sin is ea a bheith ag éisteacht le daoine eile agus foghlaim le meas a léiriú orthu mar aon lena gcuid tuairimí. Mar shaoránaigh den domhan, tá naisc dhoimhne ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga le daoine agus leis an timpeallacht, agus is mór acu an ceartas agus cearta an duine.*

Tá Prionsabal ag *Síolta* ar a dtugtar Tús Áite do Leanaí. Deirtear ann:

*Tá indibhidiúlacht, láidreachtaí, cearta agus riachtanais an linbh lárnach maidir le heispéiris luath-óige cháilíochta a sholáthar. Tá leanaí ina ngníomhaithe gníomhacha ina bhforbairt féin trína n-idirghníomhaíochtaí leis an domhan. Spreagtar na hidirghníomhaíochtaí sin trí inniúlachtaí agus ábhair spéise an linbh aonair, trí na heispéiris a bhí ag an leanbh roimhe sin agus trí mhian an linbh le haghaidh neamhspleáchais. Foghlaimeoir inniúil is ea gach leanbh ón mbreith agus is féidir le heispéiris luathbhlianta cháilíochta tacú le gach leanbh a lánchumas a bhaint amach. Trí na heispéiris sin a sholáthar, ní mór láidreachtaí, riachtanais agus ábhair spéise an linbh a léiriú agus tacú leo. Tá sé de cheart ag leanaí éisteacht a fháil agus go dtabharfar cluas dá gcuid tuairimí ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu, go gcuirfear luach orthu agus go bhfreagrófar iad.*


Tá Prionsabal amháin ag *Aistear* maidir le hIlchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú agus tá dhá Phrionsabal ar leith ag *Síolta*: ceann amháin a bhaineann le Comhionannas agus ceann eile a bhaineann le hIlíocht (Éagsúlacht). Tá Prionsabal ag *Aistear* maidir le Teaghlach agus Pobal atá dírithe ar dhaoine tábhachtacha a chothaíonn cúram do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Mar chuid de sin, áirítear tuismitheoirí, tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla, cúramóirí, muintir an linbh, oideoirí agus baill an phobail. Ar an dóigh chéanna, i bPrionsabal *Síolta* maidir le Tuismitheoirí, aithnítear tuismitheoirí mar phríomhoideoirí a linbh agus tugtar faoi deara go bhfuil comhpháirtíocht mheasúil le tuismitheoirí bunriachtanach chun leas an linbh a chur chun cinn. Tugtar faoi deara leis thairis sin go gcuirtear freisin le saibhriú eispéireas luath-óige le forbairt ceangal agus idirghníomhaíochtaí idir suíomh na luath-óige, tuismitheoirí, muintir an linbh agus an pobal i gcoitinne tríd an timpeallacht ina gcónaíonn agus ina bhfásann an leanbh a léiriú.

Sa tábla seo a leanas, cuirtear Prionsabail *Síolta* agus *Aistear* i láthair le chéile agus rinneadh eolas leis do Thábla 4 lena dtugtar breac-chuntas ar na ceangail idir na Creataí.

**Tábla 3:** Prionsabail *Síolta* agus *Aistear*

| *Síolta* | ***Aistear*** |
|---|---|
| Fiúntas na Luath-Óige | Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda |
| Páistí ar dTús | Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú |
| Tuismitheoirí | Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí |
| Caidrimh | Teaghlach agus Pobal |
| Comhionannas | Oideoirí Gníomhaíocha |
| Ilíocht (Éagsúlacht) | Aistrithe |
| Timpeallachtaí | Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch |
| Leas | Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla |
| Ról an Duine Fhásta | Timpeallachtaí Foghlama |
| Obair Foirne | |
| Oideolaíocht | |
| Súgradh | |

**Tábla 4:** Ceangail idir na Creataí




| Prionsabail *Síolta* | Prionsabail *Aistear* | Naisc idir Prionsabail *Síolta* agus *Aistear* |
|---|---|---|
| **Fiúntas na Luath-Óige Tús Áite do Leanaí** | **Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda** | Faoin dá Chreat, cuirtear béim ar chearta, indibhidiúlacht agus cumas gníomhúcháin an linbh. Le prionsabal *Aistear* a bhaineann le Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda, tarraingítear aird ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga mar rannpháirtithe gníomhacha ina bhfoghlaim féin, coincheap a ailíníonn le prionsabal *Síolta* Leanaí ar dTús a fhágann gur gníomhaithe gníomhacha iad leanaí. Tá an luach a bhaineann leis an luath-óige a chothú agus meas a bheith uirthi mar chéim ar leith atá i bpáirt ag an dá Chreat, toisc go gcuirtear béim iontu araon ar an ngá le cúram, tacaíocht agus meas ar fhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. |
| **Comhionannas Ilíocht (Éagsúlacht)** | **Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú** | Faoin dá Chreat, cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar fhéiniúlacht, cultúr agus inniúlachtaí ar leith gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig agus lena luach a aithint. Faoin dá Chreat tacaítear le riachtanais éagsúla naíonán, lapadán agus leanaí óga agus cuirtear rochtain chomhionann ar eispéiris foghlama luathbhlianta d'ardchaighdeán chun |

| | | |
|---|---|---|
| | | cinn. Tá aitheantas tábhachtach ilchineálachta i bpáirt acu, agus é mar aidhm ag an dá Chreat muintearas agus ionchuimsiú a chothú do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg. |
| **Caidrimh**<br>**Obair Foirne** | **Aistrithe**<br>**Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí** | Cuirtear béim in *Síolta* agus *Aistear* araon ar thábhacht na gcaidreamh i luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Aithnítear iontu go bhfuil idirghníomhuithe measúla agus cómhalartacha agus ceangail láidre rí-thábhachtach d'fholláine na naíonán, lapadán agus leanaí óga. Trí oideolaíocht mhall chaidreamhach tugtar am agus spás chun ceangail shlána a chothú lena dtacaítear le haistrithe dearfacha ar fud an ghnáthaimh laethúil. Tá tionchar tábhachtach ag caidrimh chómhalartacha ar fhoghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga, caidrimh a chothaítear go minic trí obair foirne éifeachtach leis an oideoir. Tá an cur chuige príomhtheagmhálaí, mar a luaitear sa dá Chreat, lárnach sa mhéid sin. |
| **Tuismitheoirí** | **Teaghlach agus Pobal** | Cuirtear béim sa dá Chreat ar thábhacht ollmhór na dteaghlach chun tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt na naíonán, lapadán agus leanaí óga. Aithnítear le *Síolta* agus *Aistear* go bhfuil tábhacht le comhpháirtíochtaí idir oideoirí agus teaghlaigh, agus go múnlaítear féiniúlacht agus foghlaim naíonán, lapadán agus leanaí óga trína n-eispéiris sa bhaile agus sa phobal. Faoin dá Chreat tarraingítear aird freisin ar luach rannpháirteachas an phobail chun timpeallachtaí foghlama na naíonán, lapadán agus leanaí óga a shaibhriú. |
| **Ról an Duine Fhásta** | **Oideoirí Gníomhaíocha** | Sa dá Chreat, aithnítear oideoirí mar phríomhdhaoine a mhúnlaíonn luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Cuirtear béim iontu gur cheart d'oideoirí caidrimh mheasúla, fhreagrúla a chruthú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus lena dteaghlaigh, agus úsáid á baint as a gcuid scileanna agus eolais ghairmiúil chun timpeallachtaí a chruthú lena dtacaítear le riachtanais ar leith. |

| | | |
|---|---|---|
| **Oideolaíocht** | **Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch** | Le *Síolta* agus *Aistear* araon, cuirtear béim ar chur chuige iomlánaíoch maidir leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt, agus aithnítear go bhfuil foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga idirnasctha lena dtimpeallacht foghlama agus faoina tionchar. Cuirtear luach iontu ar eispéiris atá bunaithe ar shúgradh, atá teagmhálach agus lena dtacaítear le foghlaim agus forbairt iomlánaíoch. Tacaítear leis an dá Chreat le foghlaim leanbhlárnach, éiritheach agus ar bhonn fiosrú. |
| **Súgradh** | **Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla** | Aithnítear sa dá Chreat ról bunúsach an tsúgartha i bhforbairt na naíonán, lapadán agus leanaí óga. Deimhnítear le *Síolta* agus *Aistear* gur cheart an súgradh a bheith treoraithe ag leanaí, lúcháireach, lárnach don fhoghlaim, agus gur cheart é a bheith ina thaca le forbairt iomlánaíoch. Cuirtear béim iontu araon ar an ngá le timpeallachtaí ina soláthraítear am, spás agus acmhainní le haghaidh eispéiris atá bunaithe ar an súgradh agus lena gcuirtear forbairt meonta dearfacha foghlama chun cinn. |
| **Timpeallachtaí Leas** | **Timpeallachtaí Foghlama** | Sa dá Chreat, leagtar béim ar an tábhacht atá le timpeallachtaí foghlama atá ionchuimsitheach agus spreagúil – taobh istigh agus amuigh faoin aer – lena dtacaítear le fiosrú, neamhspleáchas agus fiosracht naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ba cheart na timpeallachtaí sin a bheith freagrúil do chearta agus riachtanais naíonán, lapadán agus leanaí óga agus ba cheart deiseanna le haghaidh foghlaim agus forbairt iomlánaíoch a chur chun cinn iontu. Is éard atá lárnach don dá Chreat an tuiscint nach mór sábháilteacht, leas agus folláine gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig a chosaint agus a chur chun cinn. A bhuí le timpeallacht cháilíochta, ní hamháin go gcosnaítear iad ar eispéiris dhíobhálacha ach tacaítear go gníomhach freisin lena bhfolláine trí chaidrimh chroíúla iontaobhacha agus deiseanna le haghaidh rannpháirteachas fiúntach. A bhuí leis an timpeallacht, cumasaítear timpeallacht atá saibhir, ilchineálach agus cuí ó thaobh forbartha de ina bhfuil cumas gníomhúcháin ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ina gcuid foghlama agus forbartha féin. |

# Leibhéal a Ceathair: Caighdeáin, Téamaí agus Treoir na gCreataí

Bogaimid ar aghaidh anois chuig an gceathrú leibhéal den iniúchadh ina gcuirimid Caighdeáin *Síolta* i gcomparáid leis na Téamaí agus leis an Treoir in *Aistear*.

**Tábla 5:** Anailís chomparáideach ar Chaighdeáin, Téamaí agus Treoir na gCreataí

| Caighdeáin *Síolta* | Téamaí agus Treoir *Aistear* |
|---|---|
| Caighdeán 1: Cearta an Pháiste | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta |
| Caighdeán 2: Timpeallachtaí | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus ceangail<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí bheith ag súgradh<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí thimthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe. |
| Caighdeán 3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus ceangail |
| Caighdeán 4: Comhairliúchán | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus ceangail |
| Caighdeán 5: Idirghníomhartha | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht |

| | |
|---|---|
| | **Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus ceangail |
| Caighdeán 6: Súgradh | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí bheith ag súgradh<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí thimthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe. |
| Caighdeán 7: Curaclam | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht |
| Caighdeán 8: Pleanáil agus Meastóireacht | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí thimthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe. |
| Caighdeán 9: Sláinte agus Leas | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí |
| Caighdeán 10: Eagrú | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht |
| Caighdeán 11: Cleachtas Gairmiúil | **Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus ceangail<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí bheith ag súgradh |

| | |
|---|---|
| | • Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí thimthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe. |
| Caighdeán 12: Cumarsáid | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus ceangail<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí bheith ag súgradh<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí thimthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe. |
| Caighdeán 13: Aistrithe | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus ceangail<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí bheith ag súgradh<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí thimthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe. |
| Caighdeán 14: Féiniúlacht agus Muintearas | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus ceangail<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí bheith ag súgradh |

| | |
|---|---|
| | • Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí thimthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe. |
| Caighdeán 15: Reachtaíocht agus Rialú | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht |
| Caighdeán 16: Rannpháirteachas an Phobail | **Téamaí:** Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br>**Treoir:**<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta<br>• Ag tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus ceangail |

## Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*

Ó bhí 2015 ann, tá Treoir Chleachtais *Aistear Síolta* ar fáil chun tacú le hoideoirí luathbhlianta *Síolta* agus *Aistear* a úsáid le chéile chun cáilíocht a gcleachtais a fhorbairt agus, ar an dóigh sin, chun tacú, ar bhealach níos fearr, le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ar an mbealach sin, is féidir le hoideoirí luathbhlianta an Treoir Chleachtais a úsáid chun athbhreithniú, forbairt agus feabhsú leanúnach a dhéanamh agus iad ag obair go neamhspleách nó le chéile le comhghleacaithe nó meantóir. Maidir le Saineolaithe Cáilíochta Luathbhlianta a oibríonn le Tús Níos Fearr: an tSeirbhís Náisiúnta Forbartha Cáilíochta Luathbhlianta, úsáideann siad an Treoir Chleachtais de réir mar a oibríonn siad le suíomhanna. Úsáideann gairmithe eile a oibríonn i ról tacaíochta nó meantóireachta an Treoir Chleachtais freisin, mar shampla, Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí agus ENDCLanna, agus iad sin a oibríonn i ról meastóireachta.

Le Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*, tarraingítear ar phríomhghnéithe den dá Chreat agus léirítear conas a nascann Prionsabail agus Caighdeáin *Síolta* le Prionsabail, Téamaí agus *Treoir don Dea-Chleachtas Aistear*. Ar an dóigh sin, tá sí ina taca le hoideoirí luathbhlianta chun eispéiris foghlama ionchuimsitheacha, fhiúntacha a phleanáil agus a chruthú do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga.

Áirítear sa Treoir Chleachtais: Bunchlocha an Churaclaim agus sé Cholún Cleachtais idirnasctha. Is iad seo a leanas na colúin sin: Comhpháirtíochtaí agus Ceangail, Timpeallachtaí Foghlama, Foghlaim trí Mheán an tSúgartha, Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí, Pleanáil agus Measúnú agus ag Tacú le hAistrithe. Le gach Colún Cleachtais, cuirtear ar fáil smaointe praiticiúla, pointí machnaimh agus samplaí chun treoir a thabhairt d'oideoirí luathbhlianta ina gcuid oibre.

Mar shampla, léirítear *Síolta* Caighdeán 1: Cearta an Linbh ar fud na gceithre Théama in *Aistear* a bhaineann le Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus

Smaointeoireacht agus tacaítear leis le Bunchlocha an Churaclaim lena dtarraingítear aird ar chur chuige bunaithe ar chearta maidir le luathfhoghlaim. Mar an gcéanna, ailíníonn *Síolta* Caighdeán 2: Timpeallachtaí leis na ceithre Théama in *Aistear* a bhaineann le Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht agus tá Colún na dTimpeallachtaí Foghlama ina dtaca leis sin, lena dtacaítear le hoideoirí luathbhlianta chun spásanna a chruthú atá fáilteach, inoiriúnaithe agus tarraingteach do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg. Leis an gColún maidir le Súgradh, léirítear an tábhacht atá le *Síolta* Caighdeán 6: Súgradh agus Téamaí *Aistear* lena gcinntítear go mbeidh súgradh lárnach i bhfoghlaim naíonán, lapadán agus leanaí óga.

Leis an gColún maidir le Comhpháirtíochtaí agus Ceangail léirítear *Síolta* Caighdeán 3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh agus *Síolta* Caighdeán 16: Rannpháirteachas an Phobail, ag cuidiú le hoideoirí luathbhlianta caidrimh láidre, mheasúla a chothú le teaghlaigh agus leis an bpobal níos leithne. Maidir le *Síolta* Caighdeán 13: Aistrithe agus leis an mbéim a chuirtear i dTéama *Aistear* maidir le Folláine ar thacú le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga trí aistrithe ina ngnáthamh laethúil agus aistrithe tábhachtacha eile amhail tosú i suíomh luathbhlianta, i mbunscoil nó i scoil speisialta, tá an méid sin leabaithe laistigh den Cholún Aistrithe, lena gcinntítear leanúnachas agus slándáil do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga de réir mar a aistríonn siad trí eispéiris dhifriúla.

Le chéile, léirítear leis na ceangail sin conas a fhónann an Treoir Chleachtais mar ‘dhroichead’ idir an dá Chreat, lena dtacaítear le hoideoirí luathbhlianta chun beocht a chur i bPrionsabail na cáilíochta agus an churaclaim ina gcleachtas laethúil.

# Conclúid

Seasann na hathbhreithnithe ar *Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige* agus na nuashonruithe ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige*, d'fhorbairtí tábhachtacha i dtírdhreach na luath-óige in Éirinn. Tá na Creataí sin thar a bheith tábhachtach chun éascaíocht a dhéanamh do dheiseanna foghlama agus forbartha ardcháilíochta do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Tá comhtháthú na gCreataí sin trí Threoir Chleachtais *Aistear Síolta* bunriachtanach chun an curaclam agus tacaíocht cháilíochta a chomhordú, agus cáilíocht eispéireas luathbhlianta á feabhsú dá réir sin do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga.

Leis an iniúchadh seo, rinneadh athbhreithniú ar *Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige* (2017) agus *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* (2024). Mar a tugadh breac-chuntas air, is é is cuspóir do *Síolta* gach gné de chleachtas luathbhlianta a fheabhsú fad a dhírítear go heisiach in *Aistear* ar luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Nuair a úsáidtear le chéile iad agus nuair a thacaítear leo le hacmhainní cuí, cuirtear deis shuntasach i láthair le *Síolta* agus *Aistear* chun tacú le forbairt cleachtais do gach oideoir a thugann aire do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga in Éirinn agus a chuireann oideachas orthu.

Leis an obair a rinneadh san iniúchadh seo, rinneadh eolas go díreach don nuashonrú ar Threoir Chleachtais *Aistear Síolta* agus bhí sí mar bhonn faoi, agus é á chinntiú go leanann sí de bheith ag ailíniú leis an dá Chreat. Mar chuid den phróiseas seo, rinneadh iniúchadh ar na hacmhainní atá ann cheana chun bearnaí agus réimsí feabhsúcháin a shainaithint, rud atá mar bhonn do nuashonrú struchtúrtha agus plean forbartha. Tá sé beartaithe an Treoir Chleachtais nuashonraithe a óstáil ar an Mol Foghlama maidir le Scileanna a Chothú, *nurturingskills.ie*, lena gcuirtear é laistigh den chóras tacaíochta cáilíochta níos leithne. Cinntítear leis sin go leanfaidh sí de bheith ina taca ag oideoirí luathbhlianta, meantóirí agus gairmithe eile chun *Aistear* agus *Síolta* a chur i bhfeidhm ar bhealaí fiúntacha ag a bhfuil tionchar.

Tá ról ríthábhachtach ag Treoir Chleachtais *Aistear Síolta* chun a chinntiú nach amháin go dtuigfear an dá Chreat ach go mbeidh siad leabaithe go gníomhach sa chleachtas. Trí *Síolta* agus *Aistear* a thabhairt le chéile ar bhealach struchtúrtha praiticiúil, fónann an Treoir Chleachtais mar phríomhacmhainn d'oideoirí luathbhlianta, meantóirí agus gairmithe tacaíochta eile. Tríd sin soláthraítear treoir, uirlisí féinmheastóireachta agus deiseanna machnaimh lena dtacaítear le hoideoirí luathbhlianta chun a gcleachtas a fheabhsú go leanúnach, an tuiscint atá acu ar cháilíocht a dhoimhniú agus eispéiris foghlama fhiúntacha a chruthú do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. De réir mar a bhogann an earnáil ar aghaidh leis na Creataí athbhreithnithe sin, leanann an Treoir Chleachtais de bheith ina huirlis ríthábhachtach chun tacú le hoideoirí luathbhlianta chun droichead a dhéanamh idir beartais agus cleachtais.

# Tagairtí

An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (2006) *Síolta: an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige.* Baile Átha Cliath: LFOLÓ.

Rialtas na hÉireann (2017) *Síolta*: *An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige – Lámhleabhar Síolta*. Baile Átha Cliath: An tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta, an Roinn Oideachais agus Scileanna. Le fáil ag: https://www.siolta.ie/pdfs/siolta-manual-as-gaeilge.pdf

Rialtas na hÉireann (2018a). *An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028.* Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais. Le fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/na-chead-5-straiteis-uile-rialtais-do-naionain-leanai-oga-agus-a-dteaghlaigh-2019-2028.pdf

Rialtas na hÉireann (2018b). *First 5: A Whole-of-Government Strategy for Babies, Young Children and their Families 2019-2028: Summary.* Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais. Le fáil ag: early-years-summary-booklet.pdf

Rialtas na hÉireann (2021). *Scileanna a Chothú*: *An Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile 2022-2028.* Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais. Le fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/scileanna-a-chothu-an-plean-lucht-oibre-don-luathfhoghlaim-agus-curam-agus-curam-leana.pdf

Rialtas na hÉireann (2023) *Na Chéad 5 Plean Feidhmithe 2023–2025*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Le fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/na-chead-5-plean-um-chur-i-bhfeidhm-2023-2025.pdf.

Rialtas na hÉireann (2024) *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.* Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais. Le fáil ag: *Aistear* (2024) | Curaclam ar Líne

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009) *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.* Baile Átha Cliath, CNCM. Le fáil ag: *Aistear* (2009) | Curaclam ar Líne

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta Luath-Óige Éireann (2013) *Aistear in Action Initiative*: *Final Report*. Baile Átha Cliath: CNCM. Le fáil ag: https://ncca.ie/en/resources/aia_report/.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment